Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13618/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0310 (NLE)**

**PROBA 38**
**AGRI 578**
**WTO 146**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 |

**CINNEADH (AE) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207 (4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992[1] ('an Comhaontú') a thabhairt i gcrích le Cinneadh 92/580/CEE ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1993. Tugadh an Comhaontú i gcrích le haghaidh tréimhse 3 bliana, go dtí an 31 Nollaig 1995.

(2) De bhun Airteagal 45(2) den Chomhaontú, tugtar de chumhacht don Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta ('ISC') a bunaíoadh faoi Airteagal 3 den Chomhaontú,, chun síneadh a chur leis an gComhaontú, trí vóta speisialta, le haghaidh tréimhsí comhleanúnacha nach rachaidh thar 2 bhliain gach uair. Ó tugadh an Comhaontú i gcrích, cuireadh síneadh leis go tráthrialta ar feadh tréimhsí breise 2 bhliain. Cuireadh an síneadh deireanach leis an gComhaontú le cinneadh ó ISC i mí na Samhna 2021 agus tá sé i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2023.

(3) In 2021, d'aontaigh ISC an Comhaontú a leasú agus go háirithe Airteagail 1, 23, 25, 32, 33, agus 34 de. Bhí na leasuithe sin beartaithe lena dteacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024. Le linn a 62ú seisiún, d'aontaigh ISC síneadh a chur leis an tréimhse ina bhféadfadh na Baill a n-ionstraimí ghlactha a bhaineann leis na leasuithe sin, a thaisceadh go dtí an 30 Aibreán 2024 agus cuireadh ar atráth teacht i bhfeidhm na leasaithe sin go dtí an 1 Eanáir 2025. I bhfianaise an méid sin, ní mór síneadh a chur le bailíocht an Chomhaontaithe san fhoclaíocht atá ann faoi láthair.

(4) Le linn an 63ú seisiún de ISC a thionólfar an 24 Samhain 2023, tá ISC chun cinneadh a ghlacadh maidir le síneadh a chur leis an gComhaontú san fhoclaíocht atá ann faoi láthair, go dtí an 31 Nollaig 2024.

---

1 IO L 379, 23.12.1992, lch. 16.
2 Cinneadh 92/580/CEE ón gComhairle an 13 Samhain 1992 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 (IO L 379, 23.12.1992, lch. 15).

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in ISC a bhunú, le linn a 63ú seisiún, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an gComhaontú. Is chun leas an Aontais é síneadh breise a chur leis an gComhaontú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta, le linn a 63ú seisiún, vótáil i bhfabhar síneadh a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992, ar feadh tréimhse bhreise 1 bhliain go dtí an 31 Nollaig 2024.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*